**RABHADH**

**Ní mór duit an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH 2003, MAIDIN 9.30 – 12.00**

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

**ROINN I (120 marc)**

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**ROINN II (200 marc)**

**Ceithre** cheist le freagairt id fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ AG DEIREADH AN SCRÚDAITHE.**

# ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** "Is comharthaí iad praghsanna táirgí a iompraíonn teachtaireachtaí eacnamaíocha ó chuid amháin de chóras an mhargaidh go cuid eile". Mínigh.

______________________________________________

______________________________________________

**2.** Mínigh *Foirmiú Caipitil* i gcúrsaí feirmeoireachta.

______________________________________________

______________________________________________

**3.** Tá éiginnteacht ar an bPríomhoifig Staidrimh mar gheall ar a meastachán féin ar an ús a íoctar ar iasachtaí feirme. Cén éiginnteacht í sin?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**4.** Mínigh an fhreagracht íseal a bhíonn ag táirgeacht feirme d'athruithe praghsanna.

______________________________________________

______________________________________________

**5.** Mínigh an cruth a bheadh ar an gcuar éilimh atá os comhair fheirmeoir aonair.

______________________________________________

______________________________________________

**6.** Sainmhínigh '*deischostas*' agus luaigh sampla **AMHÁIN** maidir le feirmeoireacht.

______________________________________________

**SAMPLA**: ______________________________________________

**7.** Cén fáth a bhfuil táirgeacht bhainne ag brath chomh mór ar na séasúir in Éirinn? Luaigh míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le séasúracht dá leithéid.

______________________________________________

______________________________________________

**8.** Ní leor ioncam feirm theaghlaigh de ghnáth chun ráta margaidh ar an toradh a sholáthar ar

**(i)** ____________________ agus **(ii)** ____________________

**9.** Cén chaoi a ndéanfá *'fíor-ráta úis'* a ríomh?

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Luaigh **DHÁ** mhír neamh-airgid agus ioncam feirme theaghlaigh á ríomh:

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________.

**11.** Mínigh an téarma '*cúngach praghsanna costais'* i gcúrsaí feirmeoireachta.

**12.** Mínigh na héifeachtaí indíreacha a bhíonn ag an bhfás i dtáirgeacht feirme:

**13.** Tá de rogha ag feirmeoirí go n-aisíocfaí an CBL (VAT) a íocann siad ar ionchuir ar dhá bhealach. Cad iad na bealaí sin?

(i)

(ii)

**14.** "Is féidir le cóimheasa táirgiúlachta torthaí míthreoracha a thabhairt." Mínigh an ráiteas seo.

**15.** Mínigh *'tobhach impórtála athraitheach'* faoi mar a feidhmíodh é go dtí blianta beaga ó shin faoin gComhbheartas Talmhaíochta.

**16.** Mínigh '*córas praghsála srathach*'.

**17.** "Is é an t-éileamh ar thoisc táirgeachta ar nós talún ná a táirge teorannach ioncaim." Mínigh **táirge teorannach ioncaim**.

**18.** Luaigh **DHÁ** chumhacht atá ag Parlaimint na hEorpa:

**(i)** **(ii)**

**19.** Cad a dheimhníonn de ghnáth méid na n-aisíocanna easpórtála a íoctar faoin gComhbheartas Talmhaíochta?

**20.** Cad ab ea Plean Mhansholt?

***Cuimhnigh ar an bpáipéar ceisteanna seo a thabhairt ar ais leis an/na leabha(i)r freagraí ina mbeidh na freagraí ar na ceisteanna ar roinn II.***

## ROINN II (200 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt i do leabha(i)r freagraí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

**1.** Léiríonn praghsanna bia ag an leibhéal miondíola, i measc rudaí eile, athruithe ar phraghsanna ag geata na feirme, agus athruithe ar phraghsanna iar-gheata feirme.

**(a)** **(i)** Ainmnigh na hearnálacha iar-gheata feirme i slabhra an bhia.

**(ii)** Cén fáth a méadódh praghsanna sna hearnálacha iar-gheata feirme?

**(b)** **(i)**

| | **1990** | **Athrú Praghas 1990-2000** | **2000** |
|---|---|---|---|
| Praghas ag geata na feirme mar % den Phraghas Miondíola | 45 | -5% | ? |
| Praghsanna iar-gheata feirme mar % den Phraghas Miondíola | 55 | +30% | ? |
| Praghas Miondíola Iomlán | 100 | | ? |

Déan cóip den tábla thuas agus comhlánaigh é, agus luaigh an rud a mheasfá a tharlódh do phraghsanna bia ag an leibhéal miondíola de thoradh na n-athruithe ar phraghsanna ag leibhéal gheata na feirme agus ag an leibhéal iar-gheata feirme.

**(ii)** Mínigh conas a d'fhéadfadh agóidí feirmeoirí torthaí níos fearr a bhaint amach d'fheirmeoirí.

**[50 marc]**

**2.** Baineann na sonraí a leanas leis an soláthar agus éileamh ar ghránach in Éirinn.

| **Praghas (€ per tona)** | **Méid a éilítear ('000 tona)** | **Méid a sholáthraítear ('000 tona)** |
|---|---|---|
| 60 | 350 | 50 |
| 100 | 250 | 350 |
| 140 | 150 | 650 |

**(a)** Rianaigh na cuair soláthair agus éilimh ar ghrafpháipéar agus úsáid á baint as €10 per cm agus 50,000 tona per cm.

**(b)** Cuir i gcás gur shocraigh an AE praghas an táirge seo ag €120 per tona, déan an farasbarr a bheadh ann a ríomh.

**(c)** Dá mba é praghas an táirge seo ná €70 per tona, cé mhéad airgid a chosnódh sé in aisíocanna easpórtála chun fáil réidh leis an bhfarasbarr?

**(d)** Dá gcuirfí cuóta i bhfeidhm chun srian a choimeád ar sholáthar an táirge seo, cén leibhéal a chaithfí a shocrú don chuóta chun nach mbeadh farasbarr ar bith ann?

**(e)** Taispeáin an cuar soláthair nua faoi réimeas an chuóta ar do léaráid.

**[50 marc]**

3. **(a)** Cén fáth gur ceist thábhachtach eacnamaíochta í an *achmhainn soghluaisteach*?

**(b)** Mínigh an chaoi a mbíonn tionchar ag cúinsí eacnamaíocha i gcúrsaí feirmeoireachta agus sa gheilleagar go ginearálta ar shoghluaisteacht (i) saothair, (ii) caipitil, agus (iii) talún, isteach agus amach as an bhfeirmeoireacht.

**[50 marc]**

4. **(a)** Mínigh an téarma '*coigeartú'* mar a úsáideann eacnamaithe talmhaíochta é.

**(b)** Mínigh na fórsaí eacnamaíocha agus teicneolaíochta a spreagann an coigeartú seo sa talmhaíocht le himeacht aimsire Luaigh **trí shampla** ar a laghad i do fhreagra.

**[50 marc]**

5. **(a)** **(i)** Ó na sonraí seo leanas faoi shreabhadh airgid thirim in aonaid €10,000 in imeacht tréimhsí ocht ráithe, ríomh an rótharraingt bhainc is mó is gá chun an gnó a choimeád ar siúl.

| **Ráithe** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** | **8** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí/eisíocaíochtaí | 4 | 3 | 2 | 5 | 8 | 2 | 4 | 5 |
| Fáltais | 1 | 4 | 3 | 2 | 3 | 6 | 4 | 2 |
| Fuílleach | | | | | | | | |
| Comhardú Carnach | | | | | | | | |

**(ii)** Cén fáth a dtarlódh sé nach mbeadh an feirmeoir seo intofa do rótharraingt bhainc?

**(b)** Is féidir buiséid feirme a roinnt i **dtrí** choda. Luaigh agus mínigh an trí chineál buiséad, ag tabhairt suntais do na difríochtaí ins na feidhmeanna a bhaineann le gach cineál i bpleanáil feirme.

**[50 marc]**

6. **(a)** Déan bearna an ioncaim, dearbh-bhearna agus bearna chéatadánach, a ríomh idir oibrithe feirme agus oibrithe tionsclaíocha ó na sonraí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Líon oibrithe feirmeacha teaghlaigh | 110,000 oibrithe |
| Ioncam feirm theaghlaigh | €2.0 billiún |
| Meánphá tionsclaíoch | €25,000 |

**(b)** Ríonaigh na teorainneacha atá ann agus comparáid á dhéanamh ar leibhéal dhearbh-ioncam an dá ghrúpa atá i gceist.

**(c)** Plé bealach eile chun ioncam feirmeoirí a mheas.

**[50 marc]**

***Cuimhnigh ar an bpáipéar ceisteanna seo a thabhairt ar ais leis an/na leabha(i)r freagraí ina mbeidh na freagraí ar na ceisteanna ar roinn II.***